

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 8

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasá i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Dlítear barrachas €2.383 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin amach i gclárán 25 de 2025, in ullmhú an chuntais. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt de Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CCRL) a tugadh i bhfeidhm do thréimhsí cuntais ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas réadmhaoin, fearais agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá saolréanna ionchais agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Ceadúnais bogearraí	Téarma ceadúnais 2 bhliain go 5 bliana	20%-50%
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Trealamh oifige agus TFC	5 Bliana	20%

Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nár seoladh sonrasc lena n-aghaidh go fóill.

Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-iniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúchta a aontaíodh, de réir stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Is iad seo a leanas na céatadáin a úsáidtear chun an luach a ríomh

- cuntas faofa le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%

An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais na gcomhaontuithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna, próiseáil párolla agus seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe comhpháirtíochta idir an Oifig seo agus Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais le haghaidh soláthar seirbhísí TFC corparáideacha caighdeánacha.

Bím ag brath ar líon foinsí dearbhaithe go n-úsáideann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais rialuithe cuí maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte don Oifig seo, lena n-áirítear go ndeimhnítear an tseirbhís go leibhéal ISO27001, athbhreithniú ar thuarascálacha cibearshlándála ráithiúla arna n-ullmhú ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus cruinnithe rialta maidir le hathbhreithniú seirbhíse.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh socruithe tuairiscithe síos ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

- Leagadh nósanna imeachta foirmiúla síos chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Tá córais ann dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú agus coinníonn an Oifig creidiúnú faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001 maidir le Bainistíocht Slándála Faisnéise.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig arna soláthar ag gnólacht iniúcháirí ina bhfuil baill foirne atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a d'fhaomh mé féin agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí a mbíonn an Oifig nochta dóibh agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh. Tugann an Coiste Iniúcháireachta, a fheidhmíonn faoi chairt scríofa freisin, léargas neamhspleách agus oibiachtúil dom ar an gcóras rialaithe airgeadais trí scrúdú agus comhairle a thabhairt maidir leis an bpróiseas trína bhfaighim dearbhú.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go leagtar an bhéim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí €3.2 milliún san iomlán sa chaiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conarthacha eile in 2025.

Ní dhearna an Oifig aon chonradh neamhiomaíoch os cionn €25,000 le linn 2025 agus, mar a cheanglaítear le ciorclán 40/2002, cuireadh toradh nialasach faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá Coiste Bainistíochta Riosca, ar a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúcháireachta, i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na hoifige.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Oifig, agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shonrú, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí gníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúcháireachta.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Leagadh nósanna imeachta foirmiúla síos chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúcháireachta agus na hardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Riosca suntasach airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais, faoi mar a fhoráiltear dó in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le haghaidh iniúchtaí ábhartha de réir mar is cuí. Áirítear leis na bearta sin

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn ar a ngearrtar táillí, lena n-áirítear athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama
- córais a chuireann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála i gcuntas
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2025 a bheadh le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Colette Drinan

An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

6 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne an tUasal Shaw McClung an cuntas leithreasa do Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, a iniúchadh thar mo cheann faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Ar bhonn iniúchta agus tuarascála an Uasal MCCLung, is é mo thuairim

- go gcuirtear i láthair go cuí sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín atá leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Aibreán 2026

Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur i bhfeidhm a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Dháil Éireann, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Sonraítear in alt 13 d'Acht 1993 go ndéanfaidh duine cáilithe a cheapfaidh mé féin an cuntas leithreasa a iniúchadh thar mo cheann, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire Airgeadais. Faoi Alt sin, cheap mé Crowe Ireland chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna). Leagtar amach sa tuarascáil atá i gceangal leis seo cuspóirí an iniúchta a rinneadh thar mo cheann agus áirítear faisnéis ar an bpróiseas iniúchta inti.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear ar an iniúcháir faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa ráiteas ar neamhréir go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraítear ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, de réir an obair a rinneadh thar mo cheann, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Tuairim chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhréir le halt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuarascáil ar an Iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa

Tuairim

Inár gcáil mar iniúcháir arna cheapadh faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, rinneamar iniúchadh ar an gcuntas leithreasa maidir le Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Is é ár dtuairim go dtugtar sa chuntas leithreasa léargas cóir ar fháltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus nach bhfuil aon ábhar ann nach mór dúinn tuarascáil a thabhairt ina leith, de bhun alt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

An bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAnna (Éire)), leis an dlí is infheidhme agus le halt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil faoi fhreagrachtaí na nIniúcháirí as an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa. Táimid neamhspleách ar Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhréir leis na ceanglais eiticíúla a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe againn leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur lenár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Le linn dúinn an Cuntas Leithreasa a iniúchadh, tháingamar ar an gconclúid gur chuí d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste bonn cuntasaíochta na ngnóthas leantach a úsáid agus an Cuntas Leithreasa á ullmhú.

Ar bhonn na hoibre atá déanta againn, níor shainithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais ná dálaí a tharraingeodh amhras suntasach, ina n-aonar nó go comhpháirteach, ar chumas Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraíodh an cuntas leithreasa lena eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir le gnóthas leantach sna hailt ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairim i leith nithe eile

Tá an fhaisnéis agus na mínithe uile faighte againn atá riachtanach, chomh fada agus is eol dúinn agus a chreidimid a bheith riachtanach, chun críocha ár n-iniúchta.

Táimid den tuairim gur leor taifid chuntasaíochta Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, agus go bhfuil an cuntas leithreasa i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Tá athbhreithniú déanta againn ar an bhfaisnéis sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais. Ní aon rud le tuairisciú againn ina leith.

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Faoi alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gcuntas leithreasa a ullmhú. Tá sí freagrach freisin, *inter alia*, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart uile sa chuntas leithreasa.

Freagrachtaí an iniúcháora as iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa

Táimid freagrach as an gcuntas leithreasa a iniúchadh i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus rialála ábhartha agus leis na ISAnna (Éire). Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháora a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Áirítear le hiniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise atá ábhartha do na suimeanna agus na nochtaí sa chuntas leithreasa, ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas an t-údarás faoina n-airbheartaítear go ndearnadh iad, agus ar cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le ISAnna (Éire), feidhmímid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas le linn an iniúchta. Chomh maith leis sin, déanaimid iad seo a leanas

- Sainiúimid agus measúnaímid rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad, dearaimid agus feidhmímid nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bonn a sholáthar i gcomhair ár dtuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht rialú inmheánach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara a rinneadh.

Tuairim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

- Tagaimid ar chonclúid ar a oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, de réir an fhianaise iniúchta a dtagaimid uirthi, cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúcháirí ar na nochtaí gaolmhara sa chuntas leithreasa nó, i gcás gur neamhleor nochtaí den sórt sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta ar thángthas uirthi go dtí dáta ár dtuarascála iniúcháirí. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo cur faoi deara ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán an chuntais leithreasa, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a léirítear nó nach léirítear sa chuntas leithreasa na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Déanaimid cumarsáid le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le halt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na nithe sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i dtuarascáil iniúcháirí agus ní chun aon chríche eile. . A mhéid is mó a cheadaítear de réir dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht ná ní ghlacaimid orainn féin aon dualgas i leith aon duine seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an obair iniúcháireachta, leis an tuarascáil seo ná leis na tuairimí ar thángthamar orthu.

Shaw McClung

ar son agus thar ceann

Crowe Ireland

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

40 Bóthar Mespil

Baile Átha Cliath 4

Dáta: 14 Aibreán 2026

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Cuntas Leithreasa 2025			
	2025		2024
	Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Iniúchóireacht agus tuairisciú	19,028	18,439	16,842
Ollchaiteachas	19,028	18,439	16,842
<i>Asbhain</i>			
B Leithreasaí i gcabhair	7,426	9,220	9,028
Glanchaiteachas	11,602	9,219	7,814

Barrachas

Tá an barrachas den mhéid a cuireadh ar fáil thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	2,383,285	3,316,055

Colette Drinan
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

6 Márta 2026

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Pá	15,216	14,144
Neamhphá	3,223	2,698
Ollchaiteachas	18,439	16,842
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	9,220	9,028
Glanchaiteachas	9,219	7,814
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(145)	
Amúchadh	52	
	(93)	184
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(73)	
Laghdú ar infháltais fhabhráithe	362	
Méadú ar speansais fhabhráithe	136	
	425	797
Caiteachas díreach a vótáladh	9,551	8,795
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	4,482	5,312
Measchíos	11	11
Glanchostas an chláir	14,044	14,118

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 8 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,261	2,341
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,247	1,586
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	187	640
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	254	238
An Príomh-Chiste – tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus pinsin iarshealbhóirí an phoist		533	507
		4,482	5,312

Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Sócmhainní caipitil			
Maoin, fearas agus trealamh	2.1	—	—
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	217	124
		217	124
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		386	(71)
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	398	371
Réamhíocaíochtaí		411	338
Infháltais fhabhráithe	2.4	1,945	2,307
		3,140	2,945
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhráithe	2.5	927	791
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	604	514
Glanmhaoiniú an Stáitchiste	2.7	180	(214)
		1,711	1,091
Glansócmhainní reatha		1,429	1,854
Glansócmhainní		1,646	1,978
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.8	1,646	1,978

2.1 Maoin, fearas agus trealamh ^a

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	12	1,655	1,667
Breiseanna	—	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	12	1,655	1,667
Dímheas carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	12	1,655	1,667
Dímheas don bhliain	—	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	12	1,655	1,667
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2024	—	—	—

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana roinnt sócmhainní a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	240	—	240
Breiseanna	133	12	145
Amhail an 31 Nollaig 2025	373	12	385
Amúchadh carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	116	—	116
Amúchadh don bhliain	52	—	52
Amhail an 31 Nollaig 2025	168	—	168
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	205	12	217
Amhail an 31 Nollaig 2024	124	—	124

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí párolla	357	323
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	26	30
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe agus an scéim pas taistil	15	18
	398	371

2.4 Infháiltais fhabhráithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ioncam fabhraíthe ó tháillí iniúchta	947	1,041
Saothar idir lámha táillí iniúchta	535	567
Féichiúnaithe táillí iniúchta	446	699
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise infhála	17	—
	1,945	2,307

2.5 Speansais fhabhráithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fabhruíthe a bhaineann le párolla	827	645
Speansais riaracháin	100	146
	927	791

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suímeanna dlíthe don Stát		
Cáin ioncaim	189	178
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	157	141
Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla	37	17
Cáin bhreisluacha	96	61
An muirear sóisialta uilíoch	34	35
	513	432
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	91	82
	604	514

2.7 Glanmhaoiniú an Stáitchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	2,383	3,316
Deontas ón Stáitchiste	(2,203)	(3,530)
neamhtharraingthe		
Glanmhaoiniú an Stáitchiste	180	(214)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	386	(71)
larmhéideanna dochair: fionraí	398	371
	784	300
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(513)	(432)
larmhéideanna sochair: fionraí	(91)	(82)
	(604)	(514)
	180	(214)

2.8 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nótaí	2025	2024
		€000	€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		1,978	2,959
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	11,602	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(2,383)	
Glanvóta		9,219	7,814
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	4,482	5,312
Mír neamhairgid: measchíos	1	11	11
Glanchostas an chláir	1	(14,044)	(14,118)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		1,646	1,978

2.9 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	—	—

Nóta ^a Ní raibh aon chonradh ag an Oifig ag deireadh 2025 nach bhféadfadh sí a chealú (2024: nialas).

2.10 Tionchar ag na hathruithe ar bheartas cuntasáíochta

Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, tá caighdeáin chuntasáíochta an rialtais láir (CCRL) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Fabhruithe saoire ^a	—	(204)
Fabhruithe párolla ^a	—	(441)
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise infhála ^b	17	—
	<u>17</u>	<u>(645)</u>

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

^b CGAS 23 Ioncam ó Idirbhearta Neamh-mhalairte (Cánacha agus Aistrithe)

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh iomlán do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár aonair: Iniúchóireacht agus tuairisciú.

		2025	2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais	15,746	15,216
ii	Taisteal agus cothú	400	296
iii	Oiliúint agus forbairt	410	427
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil	1,451	1,595
v	Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF	632	704
vi	Speansais áitribh	209	153
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleachta agus taighde	180	48
		19,028	18,439
			16,842

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) sa chaiteachas riaracháin

ii Taisteal agus cothú

Soláthar sna meastacháin €400,000; olltoradh €296,000

Tá an tearc-chaitheamh €104,000 ann mar thoradh ar riachtanas laghdaithe do thaisteal gnó faoi na socruithe oibre a bhí i bhfeidhm le linn na bliana.

vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleachta agus taighde

Soláthar sna meastacháin €180,000; olltoradh €48,000

Tá an tearc-chaitheamh €132,000 ann mar thoradh ar an éileamh níos lú ar na seirbhísí seo ná mar a bhí coinne leis.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025	2024
	Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
1 Táillí iniúchta	6,900	8,722	8,551
2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	415	445	424
3 Ilghnéitheach	111	53	53
	7,426	9,220	9,028

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasáí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

1 Táillí iniúchta

Soláthar sna meastacháin €6.9 milliún; réadaithe €8.7 milliún

Tá an t-athrú €1.8 milliún ann mar thoradh ar an deacracht a bhaineann le huainiú beacht na bhfáltais a thuair, trínar féidir nach bhfaighfear táillí i leith iniúchtaí a cuireadh i gcrích i ráithe dheireanach na bliana go dtí an bhliain dár gcionn.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí i gcabhair agus suimeanna airgid thirim a fhaightear sa bhliain. Léiríonn ioncam an Vóta an t-ioncam a bhaineann leis an ngníomhaíocht sa bhliain, de réir an phrionsabail fabhraithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbheart neamh-mhalairte	
Deontas as an Lárchiste	9,219
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	462
Fáltais na Roinne Coimirce Sóisialaí	32
Forchúiteamh ró-íocaíochtaí párolla a tháinig chun cinn i dtréimhsí roimhe seo	21
Ioncam ó idirbheart malairte	
Táillí iniúchta	8,343
Ioncam iomlán	18,077
Arna léiriú ag	
Leithreasáí iomlána i gcabhair (nóta 4.1)	9,220
Deontas as an Lárchiste	9,219
Laghdú ar infháltais fhabhraithe	(362)
	18,077

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (fostaithe coibhéise lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	203	194

5.2 Pá

	2025	2024
	€000	€000
Pá	13,797	12,842
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	16	29
ÁSPC an Fhostóra	1,403	1,273
	15,216	14,144

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair ba mhó	
			2025	2024
			€	€
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	3	1	13,428	9,739

Níor íocadh íocaíochtaí breise le haon bhall foirne i mbreis agus catagóir amháin.

5.4 Bandaí pá fostaithe na hoifige

Seo a leanas líon fostaithe na hOifige a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

Bandaí Pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	100	90
60,000	69,999	41	31
70,000	79,999	12	17
80,000	89,999	13	17
90,000	99,999	18	15
100,000	109,999	9	6
110,000	119,999	3	3
120,000	129,999	6	7
130,000	139,999	3	—
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	—	—
160,000	169,999	—	—
170,000	179,999	—	2
180,000	189,999	3	1

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	190	184
Sochar comhchineáil	1	1
	191	185

Baineann suim an tsochair comhchineáil le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil ballraíochta ag an Oifig le comhlacht cuntasaíochta gairmiúil. Ní liúntas íochta é agus ní mhéadaíonn sé an pá comhlán foriomlán. Tá an luach ríofa chun cáin a asbhaint, a shonraítear thuas, de réir cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ní chuirtear an luach de shocair scoir shaothraithe le linn na tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísí bunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann a cuid teidlíochtaí ina leith sin thar choinníollacha caighdeánacha na scéime pinsin sin.

5.6 Luach saothair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go díreach as Príomh-Chiste an Státchiste, faoi mar a fhoráiltear dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é €254,898 an muirear a gearradh ar an Lárchiste in 2025 maidir le luach saothair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2024: €237,500). Áirítear le luach saothair 2025 tréimhse íocaíochta amháin sa bhreis ar 2024 toisc gur íocadh an chéad íocaíocht choicisiúil do 2026 as an Lárchiste an 31 Nollaig 2025 mar thoradh ar spriocdhátaí bainc tráchtála.

Faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní fhéadfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon oifig nó aon phost luach saothair eile a shealbhú.

5.7 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh beirt státseirbhísigh ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €9,800. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2025 ar fad, nó ar feadh cuid di, i ranna/oifigí eile rialtais agus nár íoc an Oifig a dtuarastail le linn a n-iasachtaí.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	13	31,215	40,234
Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm	9	28,253	21,967

Nóta ^a Léirítear sa tábla thuas iarmhéid na ró-íocaíochtaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Bhí na ró-íocaíochtaí a rinneadh in 2025 cothrom le €44,900.

Aistríodh ró-íocaíochtaí a rinneadh in 2025 maidir le beirt fhaighteoirí, arbh fhiú €607 iad, chuig ranna/oifigí rialtais eile in 2025 agus níl siad san áireamh leis an bhfigiúr thuas.

Sna ceithre chás uile nach bhfuil pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith faoi láthair, tá na faighteoirí imithe den phárolla.